

# An vacsaín treacha do mhná torracha

PROTECT PREVENT IMMUNISE

## Cad is triuch ann?

Is galar an-tógálach é triuch (ar a dtugtar pertussis freisin) a d'fhéadfadh beatha duine a chur i mbaol.

Is tromchúisí an galar i naíonáin faoi bhun 6 mhí d'aois – cuirtear go leor naíonán san ospidéal de bharr aimhréidheanna amhail niúmóine nó lot inchinne. Ní féidir naíonáin faoi bhun 6 mhí d'aois a vacsaíniú go hiomlán mar tá siad ró-óg.

## Céard iad airíonna an treacha?

Bíonn an triuch ina údar ráigeanna fada casachta agus tachta, rud a fhágann go mbíonn sé deacair anáil a tharraingt. Tagann díogarnach anála ar an othar idir na ráigeanna casachta, agus is é sin is cúis leis an triuchaíl. D'fhéadfadh dath gorm teacht ar an leanbh ar a bhfuil an triuch toisc easpa aeir nó urlacan tar éis ráig chasachta.

Ní bhíonn an triuchaíl féin ar gach aon leanbh, agus is minic nach mbíonn ach casacht ar leanaí níos sine agus ar dhaoine fásta. D'fhéadfadh an galar a bheith ar dhuine ar feadh suas le trí mhí. Fiú má bhíonn an triuch ar dhuine, ní fhaigheann sé cosaint fhadtéarmach ina choinne, rud a fhágann gur féidir an galar a tholgadh níos mó ná aon uair amháin.

## Conas a scaiptear an triuch?

Scaiptear an triuch ó dhuine go duine trí chasachtach, sraothartach nó dlúth-theagmháil le duine ar a bhfuil an triuch.

Duine a bhfuil an triuch air, is féidir leis an galar a scaipeadh ar feadh suas le trí seachtaine tar éis dó tosú ag casacht. Go leor de na naíonáin a tholgann an triuch, bíonn siad i ndlúth-theagmháil le daoine den teaghlach a bhfuil casacht orthu le breis is coicís.

## Conas is féidir an triuch a chosc?

**Is é an t-imdhíonadh an bealach is fearr chun cosaint i gcoinne an treacha.**

Tá an vacsaín treacha ar fáil saor in aisce do gach bean thorrach idir seachtain 16 agus 36 den toircheas, agus do leanaí chomh maith.

## An féidir liom an triuch a tholgadh ón vacsaín?

Ní féidir. Ní féidir an triuch a tholgadh ón vacsaín mar níl aon bhaictéir bheo inti.

## Conas a thugann an vacsaín treacha cosaint dom féin agus do mo naíonán le linn toirchis?

Spreagann an vacsaín do chóras imdhíonachta chun leibhéil arda antasubstaintí a chruthú mar fhreagairt ar na baictéir treacha. Cuirfear na hantasubstaintí sin ar aghaidh chuig do naíonán sa bhroinn freisin, agus cosnaíonn sé sin an naíonán ar feadh na chéad mhíonna tar éis na breithe. Tuigtear anois gur lú i bhfad an seans go bhfaighidh naíonáin a bhfuair a máithreacha an vacsaín treacha le linn toirchis triuch sna chéad mhíonna i ndiaidh a mbreithe.

## Fuair mé an vacsaín in aghaidh treacha nuair a bhí mé óg, an gá dom é a fháil arís?

Is gá. Tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfaigheann tú an vacsaín agus tú torrach. Cosnaíonn an vacsaín a fhaigheann tú agus tú torrach do leanbh.

## Cén uair ba chóir dom an vacsaín a fháil?

Is féidir leat an vacsaín treacha a fháil idir seachtain 16 agus 36 de do thoircheas.

Cé gur féidir an vacsaín a thabhairt tar éis 36 seachtaine, b’fhéidir nach mbeadh an éifeacht chéanna leis.

## Cén uair ba chóir an vacsaíniú a chur siar?

Is beag fáth atá ann go ndéanfaí an vacsaíniú a chur siar. Ba cheart an vacsaíniú a chur siar má tá tú go dona tinn agus teocht os cionn 38°C ort.

## Cad is ainm don vacsaín treacha a thugtar le linn toirchis?

Tugtar an vacsaín Tdap ar an vacsaín a thugtar le linn toirchis chun cosaint a chur ar fáil ar thriuch. Vacsaín teanndáileoige atá ann ina bhfuil dáileog íseal de theiteanas (T), diftéire (d) agus triuch éigeallach (ap) chun cosaint ar an teiteanas, diftéire agus triuch.

## An gá dom an vacsaín treacha a fháil gach uair atáim ag iompar?

Is gá. Téann na hantasubstaintí a chruthaíonn tú tar éis duit an vacsaín a fháil i léig le himeacht ama. Fágann sé seo gur gá duit an vacsaín a fháil le linn gach toircheas ionas gur féidir leat na hantasubstaintí, a chuireann tú ar aghaidh do do naíonán sa bhroinn, a chruthú.

## Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

B’fhéidir go mbeadh pian nó deargadh san áit ar tugadh an t-instealladh. B’fhéidir go mbeadh frithghníomhú éadrom ginearálaithe lena n-áirítear fiabhras agus tuirse le sonrú ar feadh suas le 48 uair an chloig tar éis an vacsaín a fháil.

## Céard ba chóir dom a dhéanamh mura mothaím go maith i ndiaidh an vacsaínithe?

Má bhíonn teocht ort tar éis na vacsaíne, is féidir paraicéiteamól a ghlacadh toisc nach bhfuil sé sin contúirteach le linn toirchis agus tá sé tábhachtach duit féin agus don naíonán fiabhras a sheachaint.

Ná glac iobúpróifein ná aspairín (ach amháin má deir an cnáimhseoir leat é). Mura mbíonn tú ar fónamh tar éis vacsaín a fháil, ná déan dearmad go mb'fhéidir go mbeadh cúiseanna eile leis. Ná glac leis gurb í an vacsaín is cúis leis, agus iarr comhairle leighis más gá.

## An bhfuil sé sábháilte vacsaíniú a dhéanamh ar mhná torracha?

Tá an vacsaín sábháilte do mhná torracha. Moltar do mhná torracha an vacsaín treacha a fháil sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, sa Nua-Shéalainn agus san Astráil.

Tá staidéir déanta ar an vacsaín treacha i mná torracha, agus níor aimsíodh riosca ar bith leis. Frithghníomhuithe éadroma a bhíonn ann go hiondúil, agus is fíor-annamh ar fad a bhíonn fo-iarsmaí tromchúiseacha ann.

## An bhfuil daoine ann nach féidir an vacsaín treacha a thabhairt dóibh?

Níor cheart an vacsaín a thabhairt dóibh seo a leanas

- daoine ar tháinig frithghníomhú ailléirgeach géar (anaifiolacsas) orthu mar thoradh ar dháileog den vacsaín treacha nó aon chuid den vacsaín a fuair siad roimhe seo.

Ní mholtar an vacsaín do dhaoine

- ar tháinig frithghníomhú géar logánta orthu mar thoradh ar dháileog a fuair siad roimhe seo.Níor cheart duit vacsaín ina bhfuil teiteanas nó diftéire a fháil níos minice ná uair gach 10 mbliana má tháinig frithghníomhú géar logánta ort.

## Saolaíodh mo naíonán roimh an am – céard is féidir liom a dhéanamh?

Má chinntíonn tú go bhfaighidh tú vacsaín chomh luath agus is féidir i ndiaidh an 16ú seachtain den toircheas, beidh go leor ama ag do naíonán roinnt antasubstaintí cosantacha a fháil fiú má rugtar go luath é nó í. Má gheobhaidh tú an vacsaín níos lú ná dhá sheachtain roimh an mbreith, tá seans ann nach gcuirfear go leor

antasubstaintí ar aghaidh chuig do naíonán, ach laghdófar an riosca go n-ionfhabhtóidh tú do naíonán le triuch.

Is féidir leat do naíonán réamhaibí a chosaint ar thriuch mar seo a leanas chomh maith:

- Bí cinnte go bhfuil na vacsaíní ar fad faighte ag gach páiste eile sa teach.
- Bí cinnte go bhfaighidh gach duine fásta sa teach vacsaín treacha mura bhfuil an vacsaín faighte aige nó aici le 10 mbliana anuas. B'fhearr dóibh an vacsaín a fháil coicís roimh aon teagmháil leis an naíonán
- Coinnigh do naíonán amach ó dhuine ar bith a bhfuil casacht air nó uirthi go dtí go mbeidh dhá cheann de na gnáthvacsaíní faighte ag do naíonán (ag 4 mhí d'aois)

## Fuair mé an vacsaín le linn toirchis, an gá fós an vacsaín treacha a thabhairt do mo naíonán?

Is gá. Téann na hantasubstaintí a chuirtear ar aghaidh chuig do naíonán sa bhroinn i léig go tapa sna chéad sé mhí den saol. Mar sin, tá sé tábhachtach na gnáthvacsaíní do leanaí (an vacsaín treacha ina measc) a thabhairt do do leanbh in am.

Soláthraítear an vacsaín treacha do gach aon leanbh

- mar chuid de 6 vacsaín in 1 cheann amháin ag 2, 4 agus 6 mhí d'aois
- ag 4-5 bliana d'aois (vacsaín ceithre ghalar)
- sa chéad bhliain ar an meánscoil (vacsaín Tdap)

Má fhaigheann do naíonán na vacsaíní seo in am, leanfaidh sé nó sí de bheith cosanta ar thriuch.

**Conas is féidir liom an vacsaín a fháil?**

Téigh i dteagmháil le do GP chun an vacsaíniú a eagrú.

Tá an vacsaín treacha ar fáil saor in aisce do mhná torracha.

Arna fhoilsiú ag: **Oifig Náisiúnta Imdhíonta FSS**

Dáta foilsithe: *Feabhra 2020*

Cód ordaithe: HNI00846